ncse

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# Ag Tosú ar an mBunscoil

Treoir do thuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) 2023



Foilsithe den chéad uair in 2016: An chéad athbhreithniú 2023

Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir leanaí. Úsáidtear teanga inscne-ionchuimsitheach sa doiciméad seo chomh fada agus is féidir.

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá | | 2 |
| Céimeanna pleanála agus do leanbh ag tosú ar an mbunscoil | | 4 |
| **Céim 1:** | Eolas a bhailiú | 5 |
| **Céim 2:** | Do leanbh a chlárú i scoil | 15 |
| **Céim 3:** | Pleanáil a dhéanamh leis an scoil | 17 |
| **Céim 4:** | Ullmhaigh don athrú | 25 |
| Sonraí teagmhála úsáideacha | | 32 |

# Réamhrá

## Is am suntasach i saol an linbh é tosú ar an mbunscoil...

Mar thuismitheoir, teastaíonn uait tacú le do leanbh ar bhealach ar bith is féidir leat. Agus mar thuismitheoir, tá sé nádúrtha go bhfuil roinnt imní ort faoi conas a éireoidh le do leanbh ar scoil.

Gan dabht, an-seans go bhfuil níos mó imní ar thuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ná mar atá ar thuismitheoirí eile.

Chuireamar an treoirleabhar seo le chéile chun cabhrú le tuismitheoirí a bheith réidh agus ar an eolas faoin am atá le teacht.

## Ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat

Seans go bhfuil go leor ceisteanna agat amhail:

- An mbeidh mo leanbh in ann freastal ar an scoil áitiúil?
- An mbeidh fáilte roimh mo leanbh sa scoil sin?
- An mbeidh tacaíocht bhreise teagaisc de dhíth ar mo leanbh?
- An mbeidh mo leanbh in ann aire a thabhairt dó/di féin ar scoil?

Seans go dtiocfaidh na ceisteanna agus na hábhair imní seo chun cinn agus sibh ag ullmhú le tosú ar an mbunscoil. D'fhéadfadh sé tarlú fiú má tá do leanbh ag freastal ar réamhscoil cheana féin. Seans go bhfuil do leanbh féin beagán buartha chomh maith agus beidh cabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi ag an am seo. Ba mhaith le scoileanna a chinntiú go bhfuiltear in ann freastal ar riachtanais leanaí chomh luath is a thosaíonn siad ar scoil.

**Is treoir é an paimfléad seo a chabhróidh leat pleanáil a dhéanamh sula dtosóidh do leanbh ar scoil.**

# Céimeanna pleanála agus do leanbh ag tosú ar an mbunscoil

Anseo thíos, déantar achoimre ar na céimeanna pleanála a bhaineann le leanbh ag tosú ar scoil. Tugaimid tuilleadh eolais agus comhairle faoi gach céim díobh seo níos faide ar aghaidh.

| | |
|---|---|
| **Céim 1:** | Eolas a bhailiú |
| **Céim 2:** | An leanbh a chlárú sa scoil |
| **Céim 3:** | Pleanáil a dhéanamh leis an scoil |
| **Céim 4:** | Ullmhaigh don athrú |

# Céim 1: Eolas a bhailiú

## Scoil a roghnú

Is é an chéad rud atá le cinneadh ná cén scoil ar a bhfreastalóidh do leanbh. Is cinneadh mór é seo do gach tuismitheoir. Is tábhachtach do mhachnamh a dhéanamh ar riachtanais do linbh, do roghanna féin a chur san áireamh agus am a chaitheamh ag plé na roghanna go léir.

## Oideachas cuimsitheach

Molann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) gur cheart oideachas a chur ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoil phríomhshrutha le leanaí atá ar comhaois leo. Mar sin féin, ní mholaimid é seo ach amháin nuair a bheidh sé chun leas an linbh agus chun leas na leanaí eile sa seomra ranga céanna.

## An scoil is fearr do do leanbh a roghnú

Roghnaíonn an chuid is mó de thuismitheoirí a leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chuig an mbunscoil áitiúil. Léiríonn an taighde go soiléir go dtéann cuimsiú chun tairbhe don chuid is mó de na leanaí seo.

Baineann scoileanna leas as creat ar a dtugtar an Contanam Tacaíochta chun cabhrú leo riachtanais gach linbh a shainaithint agus an tacaíocht iomchuí a thabhairt dóibh, iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh. Mar aon le múinteoirí ranga, tá tacaíocht ó mhúinteoirí oideachais speisialta ar fáil i bhformhór na scoileanna príomhshrutha chun cúnamh breise a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais foghlama acu. Tá Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS) amháin ar a laghad ag formhór na scoileanna chomh maith chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha chúraim acu.

Bíonn rochtain ar mhúinteoirí oideachais speisialta agus ar thacaíocht ó CRS bunaithe ar riachtanais an linbh seachas a bheith bunaithe ar dhiagnóis. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil diagnóis de dhíth ar leanbh a thuilleadh chun tacaíocht a fháil ó CRS nó ó mhúinteoir oideachais speisialta.

Cuirtear iompar scoile ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nach bhfuil in ann úsáid a bhaint as an gcóras iompar atá ann cheana féin agus iad ag freastal ar an scoil nó ar an rang speisialta is gaire dóibh atá in ann freastal ar na riachtanais speisialta oideachais atá acu.

## Rogha socrúcháin do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Is gnách do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu freastal ar a mbunscoil áitiúil i rang príomhshrutha le daltaí eile a bhfuil leibhéil chumais éagsúla acu.

## Freastalaíonn roinnt leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu ar rang speisialta

Freastalaíonn leanaí eile ag a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu ar rang speisialta sa bhunscoil phríomhshrutha áitiúil. Bíonn cóimheas níos ísle idir daltaí agus múinteoirí sna ranganna seo. Mar shampla, i rang leanaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta meánach acu, beidh múinteoir amháin ann in aghaidh ochtar daltaí.

D'fhéadfadh daltaí atá cláraithe sna ranganna seo cuid den lá nó den tseachtain a chaitheamh sa rang príomhshrutha, i gcomhréir lena mbuanna agus a gcumas.

De ghnáth, is scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta an-chasta acu nach mbíonn in ann ag scoil phríomhshrutha ar feadh cuid den tseachtain fiú, a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta. Bíonn na grúpaí ranga an-bheag ar fad i scoileanna speisialta.

Má tá do leanbh ag freastal ar rang luath-idirghabhála don uathachas, ní chiallaíonn sin go gcaithfidh sé/sí freastal ar rang speisialta sa bhunscoil. Ba cheart é seo a phlé le daoine iomchuí, ar nós:

- múinteoirí
- gairmithe de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- príomhoide scoile
- Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais

## Freastalaíonn leanaí eile ar scoil speisialta

Beidh rogha le déanamh ag líon beag tuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu maidir leis an suíomh oideachais is fearr dá leanbh:

- rang speisialta i mbunscoil phríomhshrutha; nó
- scoil speisialta

Chun an suíomh is fearr a roghnú do do leanbh, is gá machnamh a dhéanamh ar a leithéid agus na nithe seo a leanas:

- láidreachtaí do linbh
- riachtanais do libh
- roghanna do linbh

Is tábhachtach tuairimí do linbh a chur san áireamh. Ba cheart iarracht a dhéanamh eolas a fháil ar mhianta, ar thuiscint agus ar roghanna do linbh sula ndéanann tú cinneadh.

**Téann an chuid is mó de leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chuig an mbunscoil phríomhshrutha áitiúil.**

Déan do mhachnamh ar na roghanna go léir agus pléigh leis na gairmithe iomchuí iad. Ansin, is féidir cinneadh a dhéanamh i gcomhar le do leanbh maidir le cén áit a gcuirfear bunoideachas air/uirthi. Beidh ceann de na trí rogha seo a leanas i gceist:

- scoil phríomhshrutha
- rang speisialta i scoil phríomhshrutha
- scoil speisialta

## Daoine ar féidir leo cabhrú leat cinneadh a dhéanamh

Beidh daoine áirithe in ann tú a threorú agus an cinneadh á dhéanamh, e.g. príomhoide na scoile. Seo roinnt daoine eile a bheidh in ann cabhrú leat.

### Múinteoir cuartaíochta

Más leanbh bodhar nó lagéisteachta, nó dall nó lagamhairc do leanbh, seans go gcuirfear i dteagmháil le Múinteoir Cuartaíochta tú a chabhróidh leat do leanbh a ullmhú chun tosú ar scoil.

### Gairmithe sláinte

Gairmithe sláinte a bhfuil baint acu le do leanbh, e.g. gairmithe FSS:

- teiripeoirí urlabhra agus teanga
- teiripeoirí saothair
- síceolaithe
- fisiteiripeoirí

Is féidir leis na gairmithe sláinte seo a dtuairim a thabhairt maidir leis an gcineál suíomh oideachais is fearr a oireann do do leanbh.

## Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO)

Is féidir le d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais áitiúil eolas a thabhairt duit faoi na roghanna oideachais atá ar fáil i do cheantar.

Mar shampla:

- ranganna príomhshrutha
- ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha
- scoileanna speisialta

**Tá sonraí teagmhála ERSOanna ar fáil ar shuíomh gréasáin CNOS faoi SENO Contact Information.**

Cuireann ERSOanna seirbhís dhíreach ar fáil do thuismitheoirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus do scoileanna laistigh de cheantair áirithe ainmnithe.

**Reáchtálann CNOS cruinnithe eolais do thuismitheoirí an bhliain sula dtosaíonn a leanbh ar scoil.**

# An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

## Cruinnithe eolais

Deir tuismitheoirí linn go mbíonn sé cabhrach dóibh freastal ar chruinnithe eolais. Cuirtear eolas ar fáil ag na cruinnithe seo faoi na tacaíochtaí agus suíomhanna oideachais atá ar fáil do leanaí. Is féidir le d'Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil sonraí a thabhairt duit faoi na cruinnithe a thionólfar i do cheantar.

Mar thuismitheoir leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ba cheart duit a bheith in ann talamh slán a dhéanamh den mhéid seo a leanas:

1. Go bhfáilteofar roimh do leanbh.
2. Go mbeidh eolas cuí ag na múinteoirí ar riachtanais speisialta oideachais.
3. Go mbeidh fonn ar mhúinteoirí tuiscint a fháil ar na riachtanais ar leith atá ag do leanbh.

## Rudaí le cur san áireamh agus scoil á roghnú

1. Bailigh gach eolas is féidir faoi na scoileanna i do cheantar áitiúil.
2. Déan liosta de na scoileanna a cheapann tú a bheadh oiriúnach do do leanbh.
3. Faigh amach oiread agus is féidir faoi gach scoil.
4. Déan comhairle agus treoir a lorg ó na gairmithe a bhíonn ag plé le do leanbh, an ERSO áitiúil san áireamh.
5. Féach ar fhíseán CNOS do thuismitheoirí agus caomhnóirí maidir le tosú ar scoil.

Is féidir socrú a dhéanamh maidir le cuairt a thabhairt ar scoileanna, rud a chabhróidh leat an scoil cheart a roghnú.

Reáchtálann go leor scoileanna laethanta oscailte do thuismitheoirí, nó d'fhéadfá coinne a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar an scoil. Is maith an smaoineamh é do cheisteanna a scríobh síos ionas go gcuimhneoidh tú orthu go léir.

Is maith an smaoineamh é freisin:

- labhairt le tuismitheoirí eile
- féachaint ar shuíomhanna gréasáin
- labhairt le foireann réamhscoile do linbh

## An bhfuil duine ar leith sa scoil ar féidir liom labhairt leo faoi na deacrachtaí a thagann chun cinn?

### Ceisteanna le cur ar scoileanna

Seo roinnt ceisteanna a bheadh oiriúnach nó cabhrach a chur le linn na cuairte:

1. An mbeidh áit acu do mo leanbh?
2. Cad é an spriocdháta le haghaidh iarratas?
3. Conas a thacóidh an scoil le mo leanbh?
4. Mar thuismitheoir, conas is féidir liom cabhrú leis an scoil tacaíocht a thabhairt do mo leanbh?
5. Cén chaoi a mbeidh mo leanbh páirteach i ngníomhaíochtaí scoile/ranga leis na leanaí eile?
6. Conas a bhainisteoidh an scoil cógas mo linbh le linn uaireanta scoile?
7. Conas a chuirfear teicneolaíocht oiriúnaitheach ar fáil do mo leanbh, má bhíonn gá lena leithéid?
8. Cad iad na cineálacha teagmhála a bheidh i bhfeidhm idir an scoil agus tuismitheoirí?
9. An bhfuil duine faoi leith sa scoil is féidir liom teagmháil a dhéanamh leo má tá fadhbanna ag mo leanbh?
10. An mbeidh iompar speisialta scoile ar fáil do mo leanbh?

# Céim 2:
# Do leanbh a chlárú i scoil

Nuair a bheidh cinneadh déanta agat maidir leis an scoil nó na scoileanna is fearr leatsa agus le do leanbh, ní mór duit iarratas a dhéanamh i scríbhinn chun áit scoile a fháil. Foilsíonn gach scoil Fógra Iontrála ar a suíomh gréasáin roimh an scoilbhliain nua, san fhómhar de ghnáth. Tugtar an t-eolas seo a leanas i bhFógra Iontrála:

- an spriocdháta
- na nósanna imeachta
- líon na n-áiteanna atá á dtairiscint don chéad scoilbhliain eile

Anois is arís, bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí ait a fháil dá leanaí i mbunscoil áitiúil. Tarlaíonn sin nuair a bhíonn líon níos mó leanaí ag iarraidh clárú sa scoil ná mar atá áiteanna ar fáil. D'fhéadfadh sé tarlú freisin nach mbeadh áit ar fáil do do leanbh i rang speisialta nó i scoil speisialta.

Ós rud é go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag an leanbh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an ERSO áitiúil chun cabhair a fháil. Tá sonraí teagmhála ERSOanna ar fáil ar shuíomh gréasáin CNOS faoi SENO Contact List.

**Mura bhfuil tú in ann áit scoile a fháil do do leanbh, tá cabhair le fáil.**

Molaimid teagmháil agus pleanáil luath a dhéanamh leis an ERSO.

Toisc go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag do leanbh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin d'Eagraí um Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) áitiúil chun cabhair a fháil. Tá a sonraí teagmhála ar fáil ar shuíomh Gréasáin an NCSE faoi Chonradh na Gaeilge Eolas Teagmhála ERSO. Molaimid teagmháil luath agus pleanáil leis an ERSO.

# Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Beidh sé níos éasca do do leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tús maith a dhéanamh ar scoil má dhéantar an phleanáil agus na hullmhúcháin iomchuí.

Oibreoidh an scoil go dian chun plean tacaíochta a chruthú agus a choinneáil do do leanbh. Leagtar amach thíos na céimeanna go léir a bheidh i gceist.

## Cruinniú pleanála

A luaithe is a dheimhnítear áit scoile do do leanbh, bheadh sé cabhrach ansin tosú ar an bpleanáil. Is minic a eagraíonn an scoil cruinniú pleanála sula dtosaíonn leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu ar an scoil. Is dea-chleachtas é cruinniú mar seo a reáchtáil.

Ba chóir go mbeadh na daoine seo a leanas i láthair:

- tusa, an tuismitheoir
- príomhoide na scoile
- an múinteoir ranga, más féidir
- gairmithe eile, más féidir (féach thíos)

Ag an gcruinniú pleanála seo, is féidir an scoil a chur ar an eolas faoi d'ionchais maidir le hoideachas do linbh agus faoi imní ar bith atá ar do leanbh faoi thosú ar scoil.

## Tuairiscí agus eolas a sholáthar faoi do leanbh

Is tábhachtach freisin go dtabharfaí don scoil aon eolas a chabhródh leo freastal ar riachtanais do linbh. Áirítear leis sin tuairiscí gairmiúla ábhartha ó shíceolaithe, ó theiripeoirí urlabhra agus teanga, agus ó theiripeoirí saothair.

Is féidir leo seo cabhrú lena chinntiú go bhfuil eolas ag an scoil faoi láidreachtaí, cumais agus riachtanais do linbh.

Féadfaidh an t-eolas seo cabhrú leis an scoil féachaint an bhfuil gá le beartais scoile a fhorbairt nó a athbhreithniú maidir le cúram a thabhairt do leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais nó leighis acu. B'fhéidir go mbeadh a leithéid agus beartais iompair ag teastáil, nó beartas maidir le cógais a thabhairt do do leanbh.

## Pleanáil i gcomhar le gairmithe

Má tá gá le comhairle a fháil ó ghairmithe eile, caithfidh an scoil an cead sin a fháil uaitse ar dtús. Is gairmithe iad seo a bhí bainteach le do leanbh sular thosaigh sé/sí ar scoil.

B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach d'fhoireann na scoile dul i gcomhairle leis na daoine gairmiúla iomchuí a oibríonn nó a d'oibrigh le do leanbh. I measc na ngairmithe iomchuí seo, tá:

- Múinteoirí cuartaíochta do leanaí atá:
  - dall nó lagamhairc
  - bodhar nó lagéisteachta
- foireann réamhscoile
- síceolaithe
- teiripeoirí urlabhra agus teanga

- teiripeoirí saothair
- fisiteiripeoirí

## Dul i gcomhairle le dochtúir agus daoine eile

I gcás go bhfuil riachtanais chasta leighis ag do leanbh, gach seans gur mhaith leis an scoil dul i gcomhairle le do dhochtúir. Lorgóidh an scoil cead uaitse chun teagmháil a dhéanamh leis na gairmithe seo. Tabharfaidh cuid de na gairmithe seo cuairt ar an scoil chun comhairle a thabhairt maidir leis na seomraí agus an scoil a oiriúnú do do leanbh. B’fhéidir gur mhaith leat a fháil amach freisin cé hiad na daoine sa scoil a bheidh rochtain acu ar eolas príobháideach nó rúnda faoi do leanbh.

## Plean tacaíochta a chruthú

Cabhróidh an t-eolas seo go léir leis an scoil Plean Tacaíochta Dalta a fhorbairt do do leanbh. Is féidir go leor cineálacha éagsúla pleananna a bheith ina bpleananna tacaíochta, e.g.

- plean cúraim
- plean iompraíochta
- próifíl foghlama aonair
- plean oideachais don dalta aonair

**Ba cheart do thuismitheoirí agus do scoileanna eolas ábhartha a mhalartú ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.**

## Plean Tacaíochta Dalta a chur i bhfeidhm

### Plean tacaíochta do linbh

Bíonn eolas ar láidreachtaí, roghanna agus riachtanais do linbh i measc an eolais a chuirtear i bPlean Tacaíochta Dalta, mar shampla:

- riachtanais foghlama
- riachtanais shóisialta agus chumarsáide
- riachtanais chúraim
- riachtanais chéadfacha
- riachtanais fhisiciúla

Áireofar i bplean tacaíochta do linbh rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn leis/léi, chomh maith lena láidreachtaí agus a riachtanais, mar shampla:

- riachtanais foghlama
- riachtanais shóisialta agus chumarsáide

Áireofar i bplean tacaíochta do linbh a riachtanais chúraim, mar shampla:

- gléasadh
- úsáid an leithris
- soghluaisteacht
- cothú
- cógas

Áireofar i bplean tacaíochta do linbh a riachtanais chéadfacha, amhail íogaireacht i leith a leithéid agus:

- torann
- uigeachtaí
- soilse

Is féidir eolas a chur sa phlean faoi na rudaí céadfacha a thaitníonn agus nach dtaitníonn le do leanbh. Cabhróidh an t-eolas seo leis an scoil nua tacú le rialáil agus folláine fhoriomlán do linbh.

Áireofar i bplean tacaíochta do linbh a riachtanais fhisiciúla a éilíonn oiriúnaithe timpeallachta amhail:

- foirgneamh na scoile a oiriúnú
- suíocháin oiriúnaithe
- trealamh speisialaithe eile

Más gá, féadfaidh an scoil dul i gcomhairle le teiripeoirí saothair nó fisiteiripeoirí, nó iad araon, maidir le hoiriúnuithe a dhéanamh.

Beidh sé soiléir ón bplean cé leis a labhróidh tú má tá aon cheist nó imní ort. Is maith an rud é cur chuige comhpháirteach a chomhaontú maidir le deacrachtaí ar bith a thiocfaidh chun cinn.

Ba chóir don scoil a dhéanamh soiléir conas a roinnfear eolas ábhartha ó thuairiscí gairmiúla le múinteoirí.

**Is lá mór do gach leanbh é an chéad lá ar scoil – déan do dhícheall cabhrú le do leanbh a bheith muiníneach go mbeidh siad in ann déileáil le dul ar scoil.**

## Mar a úsáidfidh an scoil eolas faoi do leanbh

Úsáideann scoileanna an t-eolas agus na tuairiscí gairmiúla atá acu más gá dóibh iarratas a dhéanamh ar CNOS ar thacaíochtaí breise do do leanbh. Déanann siad é seo ar do shon agus ní dhéanfar é gan toiliú a fháil uaitse. Féadfaidh iompar agus teicneolaíocht oiriúnaitheach a bheith i gceist leis na tacaíochtaí breise seo.

Cuireann scoileanna iarratais iomchuí chuig an Roinn Oideachais chomh maith maidir le foirgnimh scoile a chur in oiriúint, fearas speisialta a fháil agus mar sin de. Beidh cóip de thuairiscí gairmiúla ag teastáil ón bpríomhoide chun iarratas mar seo a dhéanamh.

**Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, is féidir leat:**

- Tuairiscí a thabhairt don scoil
- Cead a thabhairt don réamhscoil eolas a chur ar aghaidh
- Do chuid eolais féin faoi do leanbh a roinnt leis an scoil

## Teastaíonn cabhair ó thuismitheoirí uainn

### Tuairiscí a thabhairt don scoil

Mar thuismitheoir, is féidir leat cabhrú leis an scoil pleanáil a dhéanamh trí thuairiscí gairmiúla do linbh a chur chuig an scoil. Beidh siad seo ag teastáil ón scoil chun iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí breise a bhfuil do leanbh incháilithe dóibh.

Ciallaíonn sé seo gur féidir na tacaíochtaí a bheith i bhfeidhm sula dtosóidh do leanbh ar scoil.

## Cead a thabhairt don réamhscoil eolas a chur ar aghaidh

Tabhair cead don réamhscoil a gcuid eolais faoi do leanbh a chur ar aghaidh chuig an mbunscoil.

Is acmhainn é 'Mo Scéal' a úsáideann réamhscoileanna agus scoileanna chun tacú le tuismitheoirí agus leanaí nuair a bhíonn leanaí ag aistriú chuig an mbunscoil. Cabhróidh an t-eolas san acmhainn 'Mo Scéal' le múinteoirí eolas a fháil faoi do leanbh, faoi spéiseanna agus cumais do linbh, agus faoi na gníomhaíochtaí ina mbeidh cúnamh ag teastáil ó do leanbh, b'fhéidir.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus féach ar na Teimpléid Tuairiscithe Mo Scéal.

Má tá tacaíocht ag do leanbh ón tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) sa réamhscoil, seans go bhfuil an acmhainn 'Mo Phlean um Chuimsiú' acu. Más mian leat, is féidir é seo a roinnt leis an mbunscoil. Chun tuilleadh eolais a fháil ar 'Mo Phlean um Chuimsiú', téigh chuig an suíomh gréasáin AIM agus féach ar na teimpléid.

## Do chuid eolais féin faoi do leanbh a roinnt leis an scoil

Is mór an chabhair é do chuid eolais agus taithí a roinnt leis an scoil maidir leis na nithe seo a leanas:

- láidreachtaí, cumais agus deacrachtaí do linbh
- na rudaí is fearr a chabhraíonn le do leanbh dul i mbun foghlama

D'fhéadfadh an t-eolas seo a bheith an-úsáideach ar fad d'fhoireann na scoile agus iad ag pleanáil do do leanbh.

# Céim 4: Ullmhaigh don athrú

Tógfaidh sé roinnt ama chun na hullmhúcháin iomchuí a dhéanamh don athrú atá le teacht. Beidh am ag teastáil chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- do leanbh a ullmhú don scoil roghnaithe
- tú féin a ullmhú chun a thuilleadh neamhspleáchais a thabhairt do do leanbh
- na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ar fhoirgneamh na scoile
- tacaíochtaí eile a chur i bhfeidhm

Is tábhachtach teagmháil a dhéanamh go luath leis an scoil ionas go mbeidh an phleanáil déanta agus na tacaíochtaí curtha i bhfeidhm sula dtosóidh do leanbh ar scoil.

Bíonn imní ar go leor leanaí faoi thosú ar scoil. Uaireanta bíonn roinnt leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu an-imníoch ar fad faoi athrú a dhéanamh. Déan iarracht a fháil amach cad iad na hábhair imní ar leith atá ag do leanbh. Seans go bhfuil siad buartha faoi:

- cairde a dhéanamh
- déileáil leis an gclós súgartha
- cúrsaí leithris
- coinneáil suas leis na leanaí eile

Bíonn eagla ar leanaí áirithe nach mbeidís in ann orduithe a thuiscint nó a leanúint.

**Cabhróidh pleanáil agus ullmhúchán le do leanbh tús maith a dhéanamh ar scoil.**

Is iomaí rud is féidir leatsa, mar thuismitheoir, a dhéanamh chun cabhrú le do leanbh aistriú éasca a dhéanamh. Is tábhachtach, áfach, an chothromaíocht cheart a aimsiú idir do leanbh a ullmhú don scoil agus gan an iomarca béime ar fad a chur air agus do leanbh a chur trína chéile.

Ní mór ligean do leanaí a bheith mar is dual dóibh, ag súgradh is ag baint sult as na laethanta saoire sula dtosóidh siad ar an scoil! Seo roinnt bealaí is féidir leat cabhrú chun do leanbh a ullmhú. Mar thuismitheoir, beidh a fhios agat féin na cinn a oireann le do leanbh.

## Labhair, éist, freagair

Is féidir leat tacú le do leanbh trí:

- labhairt faoi thosú ar scoil
- éisteacht lena n-ábhair imní
- ceisteanna ar bith atá acu a fhreagairt

## Éide scoile, lón, gníomhaíochtaí

Déan tacaíochtaí ar bith a bheidh ag do leanbh ar scoil agus socruithe nua ó thaobh éide scoile, lóin nó gníomhaíochtaí i ndiaidh scoile de a mhíniú do do leanbh.

## Buail le leanaí eile

Déan iarracht bualadh le leanaí eile a bheidh ag tosú ar scoil ar an lá céanna.

## Taispeáin foirgneamh na scoile do do leanbh

Bí cinnte go n-aithneoidh do leanbh an scoil, taispeáin an scoil dó/di. Déan é seo trí thiomáint nó siúl thart agus a rá leo gurb í sin an áit a mbeidh sé/sí ag dul ar scoil.

## Tabhair cuairt ar an scoil

De ghnáth, bíonn lá ag scoileanna nuair a thugann na leanaí nua go léir cuairt ar an scoil. I gcásanna áirithe, bíonn cuairt bhreise ag na leanaí siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas gur féidir leo teacht isteach ar thimpeallacht na scoile.

## Tóg grianghraif de na foirgnimh

Is deis é seo cead a lorg grianghraif a thógáil den scoil, den seomra ranga, den bhealach isteach agus de na múinteoirí. D'fhéadfá leabhrán nó comhad grianghraf a dhéanamh faoin scoil agus é sin a úsáid i gcaitheamh an tsamhraidh chun plé a dhéanamh ar an scoil.

## Neamhspleáchas a spreagadh

Spreag do leanbh le bheith chomh neamhspleách agus is féidir sula dtosóidh sé/sí ar scoil.

## Ceannaigh an éide scoile go luath

Má bhíonn éide scoile i gceist, ceannaigh go luath é ionas go mbeidh sé/sí ag teacht isteach ar an gcuma atá air, ar uigeacht an éadaigh agus mar sin de.

## Déan scileanna praiticiúla a mhúineadh do do leanbh

Déan cleachtadh leo sa bhaile ar éisteacht le horduithe agus iad a leanúint. Más féidir, déan cinnte:

- go bhfuil oiliúint leithris curtha orthu
- gur féidir leo a gcóta féin a chur orthu, a bhaint díobh agus a chrochadh suas
- gur féidir leo a mbosca lóin agus buidéal óil a oscailt

## Bia is féidir leo a ithe go héasca agus go tapa

Déan roinnt machnaimh freisin ar bhia a bheidh do leanbh in ann agus sásta a ithe go neamhspleách agus go tapa le haghaidh lóin.

## Seasamh sa líne, cluichí a imirt agus sealaíocht a dhéanamh

Ní bheidh do leanbh chomh himníoch céanna má thuigeann sé/sí cad a bheidh le déanamh acu ar scoil. Is féidir míniú dóibh faoi sheasamh sa líne amuigh sa chlós agus sealaíocht a dhéanamh nuair a bhíonn cluichí á n-imirt.

## Déan cleachtadh ar ghníomhaíochtaí scoile

Is féidir cleachtadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí amhail míreanna mearaí, líníocht agus dathú ag bord. Cabhróidh sé seo leo suí ag binse agus díriú isteach ar pé cleachtadh a bheadh ar bun.

Cabhraigh leo cleachtadh a dhéanamh ar éisteacht le horduithe agus iad a leanúint trí chluichí a imirt leo. Bíodh comhráite agat le do leanbh, labhair leo faoina spéiseanna agus cuir ceisteanna orthu. Tabhair jabanna beaga indéanta do do leanbh timpeall an tí, rudaí is féidir leo a dhéanamh go neamhspleách.

## Spraoi Samhailteach

Is bealach iontach chun do leanbh ullmhú don scoil ná cluichí samhailteacha faoin scoil a imirt. Tugann sé seo deis do do leanbh a gcuid mothúchán faoin scoil agus mar a shamhlaíonn siad an scoil a léiriú.

Tá moltaí an-úsáideach sa leabhrán 'Preparing Young Children for Primary School' do thuismitheoirí chun a leanaí óga a ullmhú le tosú ar scoil. Is féidir é a íoslódáil ar shuíomh gréasáin CNOS.

[Preparing Young Children for Primary School A Resource for Parents, Early Learning and Care Settings and Schools.]

## Ullmhaigh tú féin don tslí a rachaidh sé i bhfeidhm ort

Is féidir cabhrú le do leanbh freisin trí thú féin a ullmhú chun iad a chur ar scoil. Is mór an lá don tuismitheoir freisin é an chéad lá! Cabhróidh sé go mór le do leanbh muna mbeidh tú neirbhíseach agus má fheiceann siad go bhfuil tú cinnte go mbeidh siad go breá ar scoil. Cabhróidh sé seo le do leanbh socrú síos agus a bheith compordach sa suíomh nua. Dá réir sin, cothóidh sé braistint chómhuintearais agus féinmhuinín i do leanbh. Ní tharlóidh sé seo thar oíche, áfach, agus beidh tacaíocht agus foighne ag teastáil ó do leanbh.

## Foilseachán na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais chun cabhrú le tuismitheoirí

Tá doiciméad ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) chun cabhrú leis an aistriú chuig an mbunscoil:

- Treoir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanaí Aistriú ón Réamhscoil chuig an mBunscoil

## Foilseacháin CNOS chun cabhrú le tuismitheoirí

Tá leabhrán ginearálta foilsithe ag CNOS:

- Information Booklet for Parents of Children and Young People with Special Educational Needs.

Tá naoi mbileog eolais foilsithe againn freisin ar réimsí ar leith de riachtanais speisialta oideachais. Mínítear iontu seo conas a thacaíonn an córas oideachais le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Clúdaíonn na bileoga eolais seo:

- míchumais ghinearálta foghlama
- sain-mhíchumais foghlama
- deacrachtaí nó neamhoird mhothúchánacha agus iompraíochta
- míchumas fhisiciúla
- a bheith dall nó lagamhairc
- sain-neamhord urlabhra agus teanga
- a bheith bodhar nó lagéisteachta
- an t-uathachas

Tá na leabhráin agus bileoga eolais ar fáil ón ERSO áitiúil nó ar shuíomh gréasáin CNOS ag www.ncse.ie.

### Fístacaíochtaí CNOS

Is féidir cainéal YouTube na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a sheiceáil freisin le haghaidh físeáin úsáideacha maidir le:

- Starting Primary School
- Cabhair Bhreise a Fháil i Scoileanna Príomhshrutha

**Tá leabhráin agus bileoga eolais do thuismitheoirí ar fáil ó ERSOanna nó ar shuíomh gréasáin CNOS agus tá físeáin úsáideacha ar fáil ar ár gcainéal YouTube.**

# Sonraí teagmhála úsáideacha

| | |
|---|---|
| **Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSO) CNOS** | ncse.ie/seno-contact-information |
| **Ionad Sláinte** | www.hse.ie |
| **An Roinn Oideachais** | https://www.gov.ie/en/organisation/department-of-education/ |
| **An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais** | https://www.gov.ie/en/service/5ef45c-neps/ |
| **An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse** | www.npc.ie |
| **Tusla** | www.tusla.ie |
| **Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta** (do leanaí dall/lagamhairc; bodhar/lagéisteachta) | ncse.ie/visiting-teacher-support |
| **An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú** | https://aim.gov.ie/ |

Plain English
Approved by NALA